PREASEISIÚINT Uimh. 176/24
Lucsamburg, 8 Deireadh Fómhair 2024

# Toghadh Thomas von Danwitz ina Leas-Uachtarán ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

*I ndiaidh na hathnuachana páirtí ar chomhaltaí na Cúirte Breithiúnais*[1]*, roghnaigh a chomhghleacaithe Thomas von Danwitz mar Leas-Uachtarán ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 8 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027. Tagann sé i gcomharbas ar Lars Bay Larsen.*

**Curriculum vitae Thomas von Danwitz**

Rugadh Thomas von Danwitz in 1962 in Bedburg/Erft (an Ghearmáin). Rinne sé staidéar ag an Rheinische Friedrich-Wilhelms-Universität Bonn (Ollscoil na Réine Frédéric-Guillaume in Bonn, an Ghearmáin), áit ar ghlac sé an chéad scrúdú stáit sa dlí in 1986, agus in Ollscoil na Ginéive (an Eilvéis). Thug sé faoi thráchtas ag an Rheinische Friedrich-Wilhelms-Universität Bonn agus bronnadh dochtúireacht sa dlí air in 1988. Iar-mhac léinn de chuid na Scoile Náisiúnta um Ghnóthaí Riaracháin (an Fhrainc), bhain an tUasal von Danwitz dioplóma idirnáisiúnta sa riarachán poiblí amach ann in 1990. In 1992, chríochnaigh sé a thréimhse oiliúna sa dlí in Köln (an Ghearmáin) leis an dara scrúdú stáit sa dlí agus ansin, in 1996, chríochnaigh sé a staidéar irdhochtúireachta ag an Rheinische Friedrich-Wilhelms-Universität Bonn, áit ar oibrigh sé mar chúntóir taighde.

Ag díriú a chuid taighde go príomha ar dhlí poiblí na Gearmáine chomh maith le dlí na hEorpa, theagaisc an tUasal von Danwitz na hábhair seo, ó 1996 go 2003, mar ollamh ag an Ruhr-Universität Bochum (Ollscoil Ruhr in Bochum, an Ghearmáin), áit a raibh post aige mar dhéan ar an scoil dlí ann ó 2000 go 2001. Ó 2003 go 2006, theagaisc sé ag Universität zu Köln (Ollscoil Köln, an Ghearmáin) agus in 2006 ceapadh é mar stiúrthóir ar an Institiúid um Dhlí Poiblí agus Eolaíochtaí Riaracháin ann.

Mar thoradh ar a shlí bheatha acadúil bhí sé mar ollamh ar cuairt ag an Fletcher School of Law and Diplomacy ag Tufts University (Ollscoil Tufts, Stáit Aontaithe Mheiriceá) in 2000, ag Ollscoil François Rabelais de Tours (an Fhrainc) idir 2001 agus 2006, agus ansin in Ollscoil Pháras I Panthéon-Sorbonne (an Fhrainc) idir 2005 go 2006. In 2005, chaith sé tréimhse teagaisc agus taighde ag an University of California, Berkeley (Ollscoil California in Berkeley, Stáit Aontaithe Mheiriceá). In 2004, chuaigh sé isteach mar chomhalta den choiste stiúrtha do Lá Dlíodóirí na Gearmáine (Ständige Deputation des Deutschen Juristentags), a raibh baint aige leis go dtí 2014.

Ceapadh an tUasal von Danwitz mar bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais ar an 7 Deireadh Fómhair 2006. Roghnaigh a chomhghleacaithe é ina Uachtarán ar Dhlísheomra ar feadh dhá théarma i ndiaidh a chéile idir an 9 Deireadh Fómhair 2012 agus an 6 Deireadh Fómhair 2018.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Féach preaseisiúint uimh. 174/24 an 7 Deireadh Fómhair 2024.